Focal id' Chluais.

A word in your ear. Feabhra 2011.

Naomh Gobnait. Lá Fhéile: 11ú'Feabhra.

Thug duine dár léitheoirí an píosa seo dúinn, míle buíochas.

Is í Naomh Gobnait banphátrún paróiste Bhaile Mhúirne agus tá meas mór uirthi dá réir, ní hamháin sa pharóiste seo ach ar fuaid Chontae Chorcaí agus Chontae Chiarraí. Tá sin soiléir nuair a chífeá na sluaite a thagann ag triall uirthi ag lorg a cabhrach agus a cúnaimh agus ag achainí uirthi cabhrú leo in am an ghátair. Déantar a lá féile a cheiliúradh ar an 11ú Feabhra.

Tá an t-ainm Gobnait coitianta go leor anso timpeall ar chailiní na h-áite agus tá Óstán Ghobnatan, Coláiste Ghobnatan, Bóthar Ghobnatan, Séipéal Naomh Gobnait chomh maith leis na foirmeacha suimiúla Béarla de'n ainm mar Abbey, Abigail nó Bina.

Sa lá atá inniu ann chífeá slua de leathchéad duine ann uaireannta istoíche ag paidreoireacht agus ag déanamh an turas do dhuine éigin breoite. Bíonn soilse ar lasadh ann anois istoíche agus is furasta an turas a dhéanamh. Fágann daoine cuimhneacháin, maidí croise, paidríní, bréagáin agus pictiúirí ag Ula Ghobnatan laistigh den gheata, nó ar crochadh ar an gcrann ag an dtobar mór, nós atá ag dul i neart. Deirtear go bhfuil uaigh nó ula Ghobnatan díreach laistigh de gheata na reilige. Ó 1950 tá íomhá ag féachaint anuas ar an reilig, íomhá a dhealbhaigh Séamus Ó Murchú.

Ar 12ú d'Iúil 1601 dheonaigh an Pápa Clement VIII logha deich mbliana don té a thabharfadh cuairt ar Theampall Ghobnatan ar a lá féile. Bhí crois álainn órga sa tSéipéal agus tá sé curtha faoi thalamh i "gClais na hÍomhá". Deirtear go nochtfaidh cos capaill é lá éigin. Beifear ag feitheamh mar ní dhéantar treabhadh le capall a thuilleadh anseo timpeall. Tá íomhá darach sa tséipéal, í timpeall 27 n-orlach ar airde agus folamh laistiar. Bíonn sí ar taispeáint ar an dá lá féile. Déanann daoine iad féin a choisreacan léi; cuimlíonn siad ribíní agus paidríní di; bíonn na ribíní beannaithe sin acu i rith na bliana agus nuair a bhíonn tinneas nó breoiteacht ar dhuine cuirtear an ribín beannaithe leis an dtinneas. Cuirtear an ribín thar lear leis go cairde agus gaolta. Toise na híomhá a bhíonn sa ribín agus tugtar Toise Ghobnatan air.

Bhíodh lá fhéile Ghobnatan i gconaí ina lá saoire. Bíonn trí Aifrinní sa tSéipéal agus bíonn an séipéal plúchta ag gach Aifreann. Bíonn paidreacha ag an reilig agus bíonn daoine ag déanamh an turas ar feadh an lae. Bíonn an láthair i gcónaí cóirithe go slachtmhar agus is iontach an áis iad na soilse istoíche, na fógraí agus na treoracha.

Mar fhocal scoir deirim libh go léir bhur ndóchas a chur i Naoimh na hÉireann, go háirithe i Naomh Gobnait. Déanfaidh sí idirghuí chun an Athar ar bhur son agus muna bhfaighidh sibh bhur n-achainíocha go díreach, bí cinnte go bhfaighidh sibh sólás croí agus socracht aigne – nach iontach é sin féin.

GO MBEANNUIGE DIA DUIT
A GOBNAIT NAOMTA
GO MBEANNUIGE MUIRE DUIT
IS BEANNUIGIM FEIN DUIT
IS CUGAT - SA TANAG AG
GEARAN MO SCEIL LEAT
IS A D' IARRAID MO LEIGIS
AR SON DE ORT



mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le Coinne, lár mí Feabhra
Suathaireacht: Le coinne, 087 6759121.
Reifléacseolaíocht, ar an gcéad lá Márta.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.
Ealaín le Pauline Dodds gach Máirt, 2 - 4in.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
10ú & 24ú Feabhra, le coinne, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 / 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Déardaoin ag 9in.
Ranganna ceoil gach Máirt, 086 0866668.
Ealaín le Pauline Dodds gach Luan, 2 – 4in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Béilí, Dé Céadaoin & Déardaoin ag 1:00in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 026 40999/45559.
Taisteal ar fáil. Fáilte roimh chách
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.
Cosliacht: Jan Cumiskey **23ú** Feabhra.
Do choinne glaoigh ar 026 45559/40999.
Reifléacseolaíocht, ar an **16ú** lá de mhí Feabhra.
Do choinne glaoigh ar Peggy ag 087 7648527.

Scoraíocht an Déardaoin.

Beidh an scoraíocht ar siúl ar an 17ú lá de mhí Feabhra san Ionad Áise i Réidh na nDoirí. Beidh tráthnóna spraoi agus siamsaíochta ann do ghach éinne.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: Is é an t-iasc órga an ceann corr: is mamaigh iad na cinn eile go léir.
Dúcheist Tapaidh : Caithfidh Dave uimhir a naoi a phéinteáil 20 uair : 9,19,29,39,49,59,69,79,89, 90,91,92,93,94,95,96,97,98,99. Ná dearmad an dá 9 i 99 a chomhaireamh.

Dúcheist Tapaidh.

Is maith leis an Uasal Ó Murchú ubh a bhíonn ag beiriú ar feadh díreach 2 nóiméad a ithe i gcóir a bhricfeasta. Tá dhá amadóir uibhe aige, ceann a leanann ar feadh 3 nóiméad agus ceann a leanann ar feadh 5 nóiméad. Conas is féidir leis na hamadóirí seo a úsáid chun a ubh a bheiriú?

Cleas Inchinne

Conas is féidir 5 práta a thabhairt go cothrom do sheisear gan codáin a úsáid?

Focal id'Chluais a fháil trí ríomhphost

Má theastaíonn uait cóip d'Fhocal id'Chluais a fháil trí ríomhphost in ionad tríd an bpost, cuir glaoch ar an Ionad Áise 026 45661 nó cuir ríomhphost chugainn ag eolas@muscrai.ie agus is féidir linn é a eagrú duit.

Liosta d'uimhreacha úsáideacha

Le cúpla mí anuas táimid ag cur uimhreacha úsáideacha san Fhocal id Chluais. Má tá aon uimhreacha agat a cheapann tú a bheadh úsáideach dár léitheoirí, d'fhéadfaimis iad a chur ins na heagráin amach anseo. Cuirfimid fáilte i gcónaí roimh aon mholtaí, tuairimí agus aiseolas atá ag éinne.

An Fear is Airde i Stair an Leighis

Sé an fear is airde i stair an leighis, ar a bhfuil fianaise dhobhréagnaithe, ná Robert Pershing Wadlow. Rugadh é in Alton, Illinois, ins na Stáit Aontaithe, ar an 22ú Feabhra 1918. An uair dheireanach a deineadh é a thomhas, ar an 27ú Meitheamh 1940, bhí sé 2.72m (8tr 11.1or) ar airde. Sé a mheáchan is mó a taifeadadh riamh ná 222.71 kg (35cl 1 pt) ar a lá breithe nuair a bhí sé 21 bliana d'aois. Ag am a bháis mheáigh sé 199kg (31cl 5 pt). B'é méid a bhróga ná 37AA, 47cm,(18½" ar fhad) agus b'é tomhas a lámha ná 32.4cm (12 ¾") ó chaol na láimhe go dtí barr na méire fada. Chaith sé fáinne le tomhas 25. B'é fad a ghéag ná 2.88m (9tr 5 ¾") agus bhí 8,000 calra sa mhéid bia a thóg sé in aghaidh an lae. Fuair Wadlow bás ar an 15ú Iúil 1940.

Log on, Learn

Foghlaim conas ríomhphost a chur chuig do chara nó gaol thar lear, an Idirlíon a chúrsáil nó siopadóireacht ar líne. Tá daltaí na hidirbhliana chun traenáil a thabhairt, duine le duine, do dhaoine 65 bliana agus ós a gcionn. Beidh na ranganna soláimhsithe seo ag tosnú ar an 24ú Márta 2011. Áiteanna teoranta, cuir glaoch ar Nellie ag 45661 nó 087 9163330 chun áit a chur in áirithe. Is trí chomhoibriú idir ghrúpaí Intel, Microsoft, agus An Post a eagraítear Log on, Learn.

Leideanna glanta don Earrach

Conas is féidir aolchloch a bhaint go héasca ó sconnaí? Measc fínéagar glan agus uisce le chéile i gcodanna cothroma agus úsáid scuab fiacla chun na sconnaí a sciúradh. Dein iad a rinseáil go maith agus triomaigh iad.

……

Tá aigéad citreach i sú líomóide, atá ina mhínaigéad a thugann éifeacht gealtóireachta agus díbholúcháin agus cabhraíonn sé le gréisc a thuaslagadh. Is glantóir maith é, atá úsáideach sa chistin, sú líomóide caolaithe le huisce te.

……

Níl fínéagar bán daor, tá sé éasca é a fháil, agus tá sé neamhdhíobhálach – agus arís, is glantóir uile-fhóinteach iontach é atá go maith mar ghlantóir nádúrtha chun ghloine a glanadh. **Foinse : www.rte.ie**